An féidir le scoláirí dul ar aghaidh chuig Breisoideachas agus Oiliúint?

Sea. Glactar leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach le haghaidh réimse leathan printíseachtaí agus cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT) ag Leibhéal 5 de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna. Áirítear leis seo printíseachtaí in earnálacha éagsúla amhail tógáil, innealtóireacht, mótarthionscal agus lóistíocht chomh maith le dámhachtainí gairmoiliúna eile.

An féidir le scoláire dul chuig cúrsaí Ardoideachais?

Ní bhíonn rochtain dhíreach ag céimithe na hArdteistiméireachta Feidhmí ar Iarratais ar Ardoideachas tríd an Lár-Oifig Iarratas (LOI).
Mar sin féin, agus dámhachtain chuí bhreisoideachais a baint amach agat, m.sh. Leibhéal 5 FETAC, is féidir go dtabharfadh sé sin deis dóibh siúd ar mian leo é dul ar aghaidh chuig cúrsaí Ardoideachais.

Cé ar chóir dó/di smaoineamh faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Scoláirí a bhaineann barr feabhais amach i suíomhanna foghlama praiticiúla mar a dtagann torthaí follasacha de thoradh a gcuid iarrachtaí.
Scoláirí a bhaineann leas as measúnú leanúnach, foghlaim bunaithe ar thionscadail agus timpeallacht thacúil sa seomra ranga.
Scoláirí ar mian leo bealach soiléir a fháil chuig breisoideachas, printíseachtaí nó fostaíocht.

Scoláirí ar mian leo na bunsraitheanna a thógáil le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil, ag fáil scileanna agus muinín sa saol fíor a chabhróidh leo in oideachas, obair agus fás pearsanta ar feadh na mblianta amach romhainn.

Athruithe le Déanaí

Is féidir le scoláirí atá ag plé leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach rochtain a fháil ar Mhatamaitic Bhunaithe na hArdteistiméireachta agus/nó ar Nuatheangacha Iasachta freisin. Is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB in ionad Feidhmeanna Matamaitice ATF nó staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB chomh maith le Feidhmeanna Matamaitice ATF. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga Iasachta ATB sa bhreis ar chlár an ATF

Curaclam OSPS/Oideachas Sóisialta na Sraithe Sinsearaí

Beidh an tsonraíocht nua don OSPS ann in ionad mhodúil Oideachas Sóisialta 1 agus 4 de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus beidh feidhm ag an athrú seo do gach scoláire ATF a bheidh ag dul isteach sa 5ú Bliain/Bliain 1 sa bhliain acadúil 2025/26. Fanfaidh na ceithre mhodúl eile san Oideachas Sóisialta mar atá siad faoi láthair (go dtí go ndéanfar iad a athbhreithniú agus/nó a nuashonrú).

Website: www.oide.ie
Contact: lca@oide.ie
Follow us on X @Oide_LCA

Oide

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Ardteistiméireacht Feidhmeach

Bileog Eolais

Cén rud é an Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Is Ardteistiméireacht dhá bhliain í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach atá ar fáil do scoláirí ar mian leo clár praiticiúil Ardteistiméireachta a leanúint le fócas gairme.

Cad é atá difriúil faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Is clár praiticiúil Ardteistiméireachta é ina gcuirtear béim ar leith ar ullmhúchán do shaol na hoibre agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Is cuid shuntasach den chlár é taithí oibre agus faigheann scoláirí blaiseadh de réimse post agus taithí phearsanta ar shaol na hoibre.

Tá na heispéiris foghlama gníomhach agus praiticiúil ina gcuireann na scoláirí a gcuid eolais, scileanna agus taithí i bhfeidhm ar chásanna ón bhfíorshaol ar scoil, san ionad oibre agus sa phobal i gcoitinne.

Cuireann an clár neart deiseanna ar fáil a fhorbraíonn féinmheas agus muinín na scoláirí.

Tá níos lú béime ar na scrúduithe deiridh cionn is go ndéantar obair chúrsa a mheasúnú i rith an dá bhliain agus go bhfaigheann scoláirí creidmheasanna de réir mar a théann siad ar aghaidh.

Cén rud é 'creidmheasanna'?

DIs dámhachtain shingil í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a thugtar ar bhonn creidiúintí a charntar thar cheithre sheisiún agus i scrúduithe deiridh. Tá 200 creidmheas ar fad ar fáil a bhronntar mar seo a leanas:

68 creidmheas	34%	Príomhthascanna agus tinreamh 90%
74 creidmheas	37%	7 dtasc do scoláirí (obair thionscadail)
58 creidmheas	29%	6 scrúdú dheiridh

Critéir Bhronnta don Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Bronntar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar thrí leibhéal:

Pas	120-139 creidmheas	60-69%
Pas le tuillteanas	140-169 creidmheas	70-84%
Pas le gradam	170-200 creidmheas	85-100%

Cad iad 'na modúil roghnacha'?

Ní mór do scoileanna ceithre mhodúl roghnacha a chur ar fáil a dtabharfar creidiúintí dóibh. Is féidir le scoileanna rogha a dhéanamh as an tsraith modúl agus cúrsaí atá ar fáil, lena n-áirítear cúrsaí/modúil san Eolaíocht agus san Oideachas Reiligiúin.

Déanann scoileanna cinneadh ar mhodúil roghnacha agus ar speisialtóireachtaí gairme bunaithe ar riachtanais agus ábhair spéise na scoláirí.

Cad iad na cúrsaí (ábhair) a thairgtear san Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Béarla agus Cumarsáid
Cumarsáide
Gairmullmhúchán agus Gairmthreoir
Feidhmchláir Mhatamaiticiúla
Fóillíocht agus Áineas
Gaeilge Chumarsáideach
Intreoir ar Theicneolaíocht Faisnéise agus
Oideachas Ealaíon
Modúil Roghnacha
Nuatheangacha
Oideachas Sóisialta

Chomh maith leis an méid thuas, roghnaíonn scoileanna dhá rogha speisialtóireachta gairme ón liosta seo a leanas:

Ceardaíocht agus Dearadh
Cúram Leanaí / Cúram Pobail
Gairneoireacht Talmhaíochta
Grafaic agus Staidéar Foirgníochta
Gruaig agus Sciamh
Innealtóireacht
Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht
Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí
Staidéar Fóillíocht Ghníomhach
Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide
Teicneolaíocht

NB: Is cúrsa praiticiúil nó réimse staidéir é Speisialtóireacht Ghairmiúil a roghnaíonn scoláirí díriú air, a ligeann dóibh scileanna agus eolas a fhorbairt a bhaineann le gairmeacha ar leith.